Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2026
(OR. en)

10748/26

DELACT 103
PECHE 255

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 3963 final
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 17.6.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3963 final.

Faoi iamh: C(2026) 3963 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.6.2026
C(2026) 3963 final

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.6.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an gComhbheartas Iascaigh déantar foráil maidir le tabhairt isteach chéimnithe na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír chun deireadh a chur leis an bhfadhb a bhaineann le héisc a aischur. An oibleagáid sin gabhálacha a thabhairt i dtír, leagtar amach í in Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh ('an Bun-Rialachán').

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún[2] maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, bunaithe ar Airteagal 15(2) den Bhun-Rialachán, déantar foráil maidir le sraith maoluithe ar an oibleagáid gabhálacha éisc a thabhairt i dtír chun oibleagáidí idirnáisiúnta a chur chun feidhme i ndlí an Aontais agus go gcomhlíonann an tAontas cinntí arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, lena n-áirítear an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (CICTA), a bhfuil an tAontas ina pháirtí conarthach ann.

Ag cruinniú bliantúil CICTA 2025 ón 17 go dtí an 24 Samhain, ghlac páirtithe conarthacha CICTA Moladh 25-06 ó CICTA[3], lena leasaítear Moladh 19-05 ó CICTA[4] maidir le cláir atógála le haghaidh mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha. Le Moladh 25-06 ó CICTA, leasaítear Moladh 19-05 trí fhoráil a chur leis ina leagtar amach nach mór gach gabháil mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha a aischur a luaithe a bhainfidh páirtí conarthach de chuid CICTA a theorainn amach maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír.

Is é is cuspóir don rialachán tarmligthe seo Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún a leasú chun é a chur i gcomhréir le Moladh 25-06, ionas nach mbeidh feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír in Airteagal 15(1) den Bhun-Rialachán maidir le soithí de chuid an Aontais a ghabhann mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha mar fhoghabháil.

2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 67(4) de Rialachán 2023/2053, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú maidir leis an dréachtrialachán.

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascach an Atlantaigh Thiar Thuaidh, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/98/2022-05-31.

3 https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2025-06-e.pdf

4 https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2019-05-e.pdf

I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[5], cuireadh an rialachán tarmligthe faoi bhráid na gcomhreachtóirí (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an rialachán tarmligthe leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 trí mhaolú ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a cheadú mar a leagtar amach in Airteagal 15(1)(a) den Bhun-Rialachán, a luaithe a bheidh a gcuóta de mhairlín gorm, de mhairlíní geala agus de mhairlíní cruinnghainneacha bainte amach ag na Ballstáit.

[5] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

an 17.6.2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 maidir le cur chun feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle agus go háirithe Airteagal 15(2) de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (CICTA) é an tAontas agus é tar éis Coinbhinsiún CICTA a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[3].

(2) Glacann CICTA bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Choinbhinsiún CICTA a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí a chosaint. D'fhéadfadh bearta mar sin a bheith ina gceangal ar na páirtithe, lena n-áirítear an tAontas.

(3) Le mír 3 de Mholadh 25-06 ó CICTA leasaítear Moladh 19-05 ó CICTA[4] trína cheadú do pháirtithe conarthacha de chuid CICTA a shroicheann a dteorainneacha maidir le gabhálacha mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha a thabhairt i dtír a ngabhálacha a aischur.

(4) Chun comhsheasmhacht a áirithiú idir an Moladh sin agus dlí an Aontais, níor cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír in Airteagal 15(1) de

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj.

[3] Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33), ELI http://data.europa.eu/eli/dec/1986/238/oj.

[4] https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2019-05-e.pdf

Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le soithí de chuid an Aontais atá rannpháirteach san iascach a chumhdaítear leis an Moladh sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98 ón gCoimisiún a leasú chun an cinneadh a rinne CICTA a chur san áireamh.

(6) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag forálacha an Rialacháin seo ar shoithí an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/98:

'*Airteagal 5b*

Mairlíní gorma agus mairlíní bána/mairlíní cruinnghainneacha

De mhaolú ar Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, a luaithe a bheidh a gcuótaí bainte amach ag na Ballstáit, déanfar gach gabháil mairlíní gorma agus mairlíní geala/mairlíní cruinnghainneacha a aischur.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17.6.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN